OÉ Gaillimh
NUI Galway

**BA SA GHAEILGE**

**2020/21**

## CUR I LÁTHAIR AN ÁBHAIR

Tugann an cúrsa ceithre bliana seo sa Ghaeilge deis duit barr cumais a bhaint amach i labhairt agus i scríobh na teanga. Cabhraíonn sé leat freisin do thuiscint ar shaíocht, ar litríocht, agus ar chultúr na nGael a fhorbairt. Tá seimeastar sa Ghaeltacht agus socrúchán oibre ar fáil mar chuid lárnach den chlár. Deis iontach í seo le hardchumas sa teanga a bhaint amach. Tiocfaidh méadú ar do chuid deiseanna fostaíochta dá réir.

## CÚISEANNA CHUN TABHAIRT FAOIN GCÚRSA SEO

Más maith leat líofacht a bhaint amach i labhairt na Gaeilge agus cruinneas ina scríobh agus má tá spéis agat in oidhreacht litríochta agus chultúrtha na Gaeilge, seo an cúrsa duitse! Tá foireann teagaisc den chéad scoth ag obair i Roinn na Gaeilge agus tabharfar gach tacaíocht duit i rith bhlianta na céime. Chomh maith leis sin, sa tríú bliain den chlár beidh deis agat seimeastar amháin a chaitheamh sa Ghaeltacht agus tabhairt faoi shocrúchán oibre sa dara seimeastar. Tagann an cúrsa seo le riachtanais na Comhairle Múinteoireachta i leith mhúineadh na Gaeilge sa chóras oideachais. Is iad aidhmeanna an chúrsa seo ná:

- go mbainfeá ardchumas amach sa teanga.
- méadú a chur le do dheiseanna fostaíochta.
- tú a réiteach le tabhairt faoi staidéar iarchéime sa Ghaeilge, san oideachas nó in ábhar eile.

## DEISEANNA GAIRME

Agus céim BA (Comhonóracha le Gaeilge) agat, beidh réimse leathan gairmeacha romhat, ina measc, cinn a bhaineann go dlúth leis an teanga, mar shampla, beidh tú cáilithe chun gairm na múinteoireachta a leanúint, dul leis an aistriúchán, leis an gcumarsáid nó leis na meáin.

## AN CHÉAD BHLIAIN

Sa chéad bhliain déanfaidh tú ranganna ar labhairt agus ar scíobh na Gaeilge. Déanfaidh tú staidéar freisin ar an athrú teanga ó Ghaeilge go Béarla a tharla san ochtú agus sa naoú haois déag agus ar athbheochan na Gaeilge. Ina theannta sin, déanfaidh tú staidéar ar dhrámaíocht, ar phrós agus ar fhilíocht chomhaimseartha na Gaeilge. Beidh trí mhodúl ar siúl agat nó dhá mhodúl má tá céim BA Connect ar siúl agat.

## Modúil na Chéad Bhliana – Modúil Lárnacha

Beidh modúl amháin teanga fad bliana le déanamh aga sa 1BA (..i. An Teanga Bheo) agus beidh dhá mhodúl eile le déanamh agat, ceann amháin sa chéad seimeastar agus ceann eile sa dara seimeastar. Díríonn **Scéal agus Pobal na Gaeilge** ar an athrú teanga in Éirinn, ar aidhmeanna agus idé-eolaíocht na hAthbheochana agus ar thionchar an Bhéaloideas ar fhorbairt na nualitríochta. Sa mhodúl **Litríocht agus Cultúr na Linne** déantar staidéar ar sheánraí litríochta éagsúla na Gaeilge, lena n-áirítear an fhilíocht, an drámaíocht agus prós sa Nua-Ghaeilge.

| Seimeastar 1 [10 ECTS] | Seimeastar 2 [10 ECTS] |
|---|---|
| NG1105 An Teanga Bheo | |
| NG1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge | NG1106 Litríocht agus Cultúr na Linne |

## NG1105: An Teanga Bheo

**Cur síos ar an modúl:**

Tá sé d'aidhm ag an modúl seo cur le scileanna Gaeilge an mhic léinn i dtaca le cruinneas, stór focal, léitheoireacht, scríobh, cluastuiscint, labhairt, foghraíocht agus oiriúnach shochtheangeolaíoch i dtreo is go mbeidh sé/sí ábalta déileáil leis na riachtanais Ghaeilge a bhaineann le clár an BA. Is bunaithe ar an tionscadal siollabais náisiúnta don Ghaeilge ar an tríú leibhéal, ag leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha, atá an modúl seo.

**Torthaí Foghlama an Mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Míreanna gramadaí a aithint agus na téarmaí cruinne a úsáid le cur síos ar na míreanna sin.
2. Stór focal nua agus saibhreas cainte a léiriú agus é ag scríobh nó ag caint faoi thaithí ollscoile; faoin fhoghlaim neamhspleách; faoi chúrsaí lóistín; faoi fhoghlaim teangacha.
3. Bunearráidí comhréire agus gramadaí a aithint i bpíosa scríbhneoireachta.
4. Léirmheas acadúil a scríobh ar ghearrscéal nó ar ghearrscannán.
5. Achoimre a thabhairt ar na príomhphointí i dtéacsanna léitheoireachta atá bainteach le topaicí an tsiollabais agus leis an bhfearann oideachais.
6. Athmhachnamh a dhéanamh ar phíosa scríbhneoireachta a rinne sé féin agus cuntas a thabhairt ar na príomhearráidí teanga sa phíosa sin.

**Measúnú an Mhodúil:**

Measúnacht Leanúnach (35%), Scrúdú scríofa (35%), Scrúdú cainte (20%), Scrúdú cluastuisceana (10%)

## NG1107: Scéal agus Pobal na Gaeilge

**Cur síos ar an modúl:**

Is modúl intreorach é seo a thugann faoi chomhthéacs teanga, litríocht agus chultúr na Gaeilge in aimsir na hathbheochana a mhíniú. Mar réamhrá, tabharfar léargas leathan ar phointí tábhachtacha i bhforbairt agus i stair na teanga, chomh maith le plé a dhéanamh ar phróiseas an athraithe teanga in Éirinn. Déanfar iniúchadh ar aidhmeanna agus ar idé-eolaíocht na hathbheochana ionas go dtuigfear comhthéacs sóisialta agus cultúrtha na tréimhse sin. Déanfar staidéar freisin ar ghnéithe de litríocht na linne úd, go háirithe an nasc atá idir litríocht na tréimhse agus traidisiún an bhéaloidis. Trí dhul i ngleic le comhthéacs léinn na hAthbheochana, agus le hábhar cuí béaloidis agus próis, tiocfaidh méadú ar scileanna léitheoireachta, machnaimh, anailíse agus scríbhneoireachta an mhic léinn.

**Torthaí Foghlama an Mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Eolas ginearálta a léiriú ar fhorbairt na teanga agus na mórshaothair liteartha sa Ghaeilge roimh an athbheochan.
2. Achoimre a thabhairt ar na cúiseanna a bhí leis an athrú teanga in Éirinn idir an 17ú agus an 20ú hAois.
3. Plé a dhéanamh ar aidhmeanna agus ar idé-eolaíocht na hathbheochana.
4. Anailís a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an mbéaloideas ar fhorbairt na nualitríochta sa Ghaeilge i rith aimsir na hathbheochana.

**Measúnú an Mhodúil:**

Measúnacht Leanúnach (100%)

## NG1106: Litríocht agus Cultúr na Linne

**Cur síos ar an modúl:**

Tabharfaidh an modúl seo forléargas do na mic léinn ar na seánraí litríochta éagsúla atá á saothrú sa Ghaeilge lenár linn féin. Beidh téacsanna comhaimseartha filíochta, próis agus drámaíochta á bplé agus déanfar iniúchadh ar na príomhthéamaí atá le tabhairt faoi deara sna téacsanna sin. Pléifear an comhthéacs liteartha agus soch-chultúrtha ina ndéantar na téacsanna i dteanga mhionlaithe a chumadh agus a chur i láthair an phobail.

**Torthaí Foghlama an Mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*


1. Cur síos a dhéanamh ar na seánraí litríochta éagsúla atá á saothrú as Gaeilge ó thús an fhichiú haois.
2. Anailís liteartha a dhéanamh ar théacsanna cruthaitheacha (filíocht, prós, drámaíocht, srl.) de chuid na linne seo.
3. Tuiscint a léiriú ar na comhthéacsanna stairiúla agus sóisialta ina ndéantar téacsanna liteartha a shaothrú.
4. Cuntas a thabhairt ar shaintréithe na litríochta i dteanga mhionlaithe.


**Measúnú an Mhodúil:**


Measúnacht Leanúnach (50%) agus Aiste (50%)


## IMLÍNE AN CHÚRSA

Roghnaítear an Ghaeilge mar ábhar sa chéim BA (Comhonóracha). Déantar cúrsa riachtanach i dTeanga na Nua-Ghaeilge i rith na céime.




Bliain 2
GAEILGE
(30 ECTS)
ÁBHAR EILE
(30 ECTS)
Teanga na Nua-Ghaeilge I & II
Sochtheangeolaíocht na Gaeilge
Modúl Roghnach* ceann acu seo →
An Gearrscéal sa Ghaeilge
Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge
Scannánaíocht na Gaeilge
Teanga na Sean-Ghaeilge
Na Meáin Chumarsáide
Amhránaíocht na Gaeilge
An Fhiannaíocht
Ainmneacha, Sloinnte & Logainmneacha
Canúint agus Caighdeán


Bliain 3
GAEILGE
(60 ECTS)
SEIMEASTAR 1:
Tréimhse sa Ghaeltacht in Ionaid Ghaeltachta de chuid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
SEIMEASTAR 2:
Socrúchán Oibre in eagraíocht Ghaeilge
Modúil Acadúla & Teanga
15 ECTS Saibhriú & Scileanna Teanga
15 ECTS Ábhar Dioscúrsa
Socrúchán Oibre (30 ECTS)
Eagraíocht Ghaeilge (áit ar bith in Éirinn)
Erasmus+ (30 ECTS)
D'fhéadfá an dara seimeastar a chaitheamh thar sáile in ollscoil ainmnithe eile




## <u>FOGHLAIM AGUS TEAGASC AR LÍNE 2020-21</u>

**Seimeastar 1**

**NG1105 An Teanga Bheo:** Ar líne agus ar an gcampas

**NG1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge:** Beidh an teagasc ar fad ar líne

**Seimeastar 2**

**NG1105 An Teanga Bheo:** Le deimhniú

**NG1106 Litríocht agus Cultúr na Linne:** Le deimhniú

## <u>MEASÚNÚ</u>

**NG1105 An Teanga Bheo:** Measúnú leanúnach agus scrúdú

**NG1106 Litríocht agus Cultúr na Linne:** Measúnú leanúnach

**NG1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge:** Measúnú leanúnach

## SEISIÚN BEO AR LÍNE LE SEISIÚN CEISTEANNA AGUS FREAGRAÍ INA DHIAIDH

- Clúdófar eolas faoin gcéim sa Ghaeilge, na modúil a bheidh ar siúl agat sa chéad bhliain agus an Ghaeilge san Ollscoil sa seisiún beo.
- Beidh seisiún beo le seisiún ceisteanna agus freagraí ina dhiaidh ar siúl ar 23 Meán Fómhair 2020 ag 11.00-12.00 agus ar an 25 Meán Fómhair ag 10.00-11.00.

## Nascanna Tábhachtacha

- http://www.nuigalway.ie/gaeilge/cursai-focheime/
- http://www.nuigalway.ie/gaeilge/cursai-focheime/amchlar-reatha/